

Eoghan Rua Ó Súilleabháin

curtha in eagar ag

Breandán Ó Conchúir

Eoghan Rua Ó Súilleabháin

Eoghan Rua Ó Súilleabháin

curtha in eagar ag Breandán Ó Conchúir

Filí 2

Eagarthóir Sraithe: Breandán Ó Buachalla

Cóipcheart © 2009 ag Breandán Ó Conchúir. Gach ceart ar cosnamh.

ISBN 978-0-946755-44-8

Á fhoilsiú ag Field Day Publications le cuidiú ó Choiste Náisiúnta Léann na Gaeilge (RIA) agus an Keough-Naughton Institute for Irish Studies sa University of Notre Dame

Field Day Publications
Newman House
86 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Éire

www.fielddaybooks.com

Curtha in 10 pt/13pt Quadraat
Red Dog Design Consultants a dhear
Clóbhuailte ar Arctic Gloss agus Munken Lynx

Clár

Noda vii

Réamhrá i

Dánta

- 1 Sin Agaibh mo Theastas 10
- 2 Seothó, a Thoil, ná Goil go Fóill 12
- 3 Slán chun Carraige an Éide 16
- 4 Bharántas Dhonncha Uí Núnáin 18
- 5 An tÁrrachtach Sean 22
- 6 Ar Dhrúcht na Maidne 27
- 7 San Mainistir Lá 29
- 8 A Chara mo Chléibh 31
- 9 Aithrí Eoghain Rua 32
- 10 Tá an Cruatan ar Sheirse 34
- 11 A Charabhile Chneasta Chliste 36
- 12 Ag Taisteal na Blarnan 37
- 13 I Sacsuibh na Séad 40
- 14 Ceo Draíochta 44
- 15 Mo Chás, mo Chaí, mo Cheasna 47
- 16 Cois Abhann Aréir 51
- 17 Im Leabain Aréir 54
- 18 Im Aonar Seal ag Siúl Bhíos 57
- 19 Mo Léan le Lua 59
- 20 Do Rinneadh Aisling Bheag Aerach 62

| | | |
|----|-----------------|----|
| 21 | Cois na Siúrach | 64 |
| 22 | Burdúin | 66 |


| | |
|---------------|-----|
| Nótaí | 67 |
| Foclóir | 103 |
| Innéacs | 151 |
| Foinsí | 163 |
| Línte Tosaigh | 165 |

Noda

D1 = Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin (Ua Duinnín 1901)

D2 = Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin. Imleabhar I (Ua Duinnín 1923)

ÓF = Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin 1748–1784 (Ó Foghludha 1937)



Bail a raibh baint ag Eoghán Rua Ó Súilleabháin leo.

Réamhrá

Tréimhse saoil an-gherr a bhí ag Eoghan Rua (c. 1748–84). Ní raibh sé puinn thar chúig bliana déag ar fhichid d’aois nuair a d’éag sé sa bhliain 1784,¹ más fíor don Athair Pádraig Ua Duinnín gur timpeall na bliana 1748 a saolaíodh é (1901: ix). Is é is dóichí nach raibh sé fós in aois fir nuair a d’fhág sé an ball dúchais, na Mínteoga,² timpeall le deich míle ar an taobh thoir de Chill Airne, d’fhonn slí bheatha a bhaint amach. Thug sé formhór a shaoil as sin amach, de dhealramh, ó áit go háit ag tuilleamh a bheatha, an chuid is mó den am, ní foláir, ina spailpín, ach tamall ina shaighdiúir i gcabhlach na Breataine agus tamallacha ina mhúinteoir leis. Ní féidir, cheal eolais, cuntas cruinn a thabhairt ar a chuid taistil ná ar a chuid imeachtaí sna blianta sin. Ar fhianaise na filíochta agus na lámhscríbhinní, áfach, is féidir breacphictiúir áirithe a sholáthar.

Thug sé tréimhsí ama ar bhruach na hAbhann Móire, i gceantar Mhainistir Fhear Maí agus i gceantar Mhala, agus sa líomataíste lastuaidh díobh sin. Más fíor a ndúirt sé féin sa bharántas a chum sé do Dhonncha Ó Núnáin (4) bhí sé i nGleannúir i mí na Márta 1770. Deich míle siar uaidh seo agus go luath ina dhiaidh sin, sna blianta 1772–73, chuir sé lámhscríbhinn le chéile chun úsáide Lúcaís Uí Fhloinn i nDún ar Aill (RIA 23 N 18). Láimh le Dún ar Aill, i mí na Feabhra 1773, is ea a cuireadh an tAthair Conchúr Ó hArgáin, sagart cúnta sa Domhnach Mór agus an té ar chum Eoghan Rua mairbhne air:

Is fíor tríom aisling gur feasadh aréir dhom
ní chuir sealad mé ar mearbhall céille
gur theasc an bás gan spás, le gaethaibh,
polla is flaith de shleachtaibh Éibhir. (D2: 146)³

- 1 Tá fianaise na LSS againn ar dháta seo a bháis; feic, mar shampla, RIA 23 D 42: 45 (1829–35), UCC Tlxii: [173], [174] (1832). Bhí an dáta seo leis ag Hardiman (1831 ii: 157) agus ag Seán Ó Dálaigh (Daly 1844: 42), ach ná rabhadar siúrála de.
- 2 Fianaise an tseanchais atá againn ar an mbaile fearainn seo inar saolaíodh é (D2: 1, 23).
- 3 Tuairisc ghearr ar an sagart seo ag Ó Foghludha (1937: 16–17). An litriú agus an phoncaíocht leasaithe sa rann seo agus sna ranna eile sa Réamhrá.

Sa lámhscríbhinn a scríobh sé do Lúcas Ó Floinn gheibhtear an aiste ‘Slán chun Carraige an Éide’ (3) ina gcuireann sé slán chun muintir an pharóiste sin ar dhá thaobh na hAbhann Móire i gcóngar Mhainistir Fhear Maí. Ainmníonn sé cuid de na daoine seo, ina measc an lánúin a raibh sé ag obair acu, is cosúil. Tugann sé le tuiscint san aiste go raibh an ceantar fágtha aige faoin am sin, agus é ina ‘imearthach choimhtheach i gcéinleat’ (3: 17–18). An amhlaidh a thug sé tréimhse thar lear ag an am sin, ina sclábhaí, b’fhéidir? (D2: 8–9). De réir na ceannscríbhinne i lámhscríbhinn ó thosach an naoú haois déag (RIA 23 C 10: 251) is ‘ag spealadóireacht in aice Mhala’ a bhí sé nuair a chum sé an aisling ‘Mo Léan le Lua’ (19). Tráth dár thuig Dáibhí Ó Floinn ó na Muiní, in aice Mhala, go raibh Eoghan Rua tagtha go dtí an ceantar chuir sé cúpla rann chuige á chasadh leis nach raibh aon saothrú á dhéanamh ar an bhfilíocht aige, agus fuair freagra ó Eoghan ag míniú an scéil dó (11). Sid iad céadlínte Dháibhí:

Is machnamh liom ná braitear ar an mbuíon sin theas
an faraire dhul eatarthu ’s a mhaíomh ’na reath
taistealach bailithe na Gaoilge ar fad
is aiste chur in eagar dlithe draoithe sean. (D2: 117)

Thug an file tamall nó tamallacha leis níos sia ó thuaidh i gContae Chorcaí, i gceantar na Rátha, agus sa chuid sin de Chontae Luimnigh atá buailte le teorainn Chorcaí ansin. Sa bhliain 1776 chuir sé lámhscríbhinn le chéile, do Mhuiris Ó Núnáin in Áth an Mhuilinn de dhealramh. Níl an lámhscríbhinn seo tagtha slán, ach bhí sí ag an Athair Dáibhí Ó Mathúna agus cuid de shaothar an fhile á athscríobh aige in dhá LS sa bhliain 1816 (RIA 24 P 20, BL Add. 31874). Sa bhliain 1779 chum Eoghan Rua mairbhne ar Éamann Óg de Búrc ó Bhealach Átha (D2: 154, ÓF: 117) agus sa bhliain 1781 bharántas do Mhuiris Ó Gríofa, file agus múinteoir scoile ó Bhaile an Ghadaí, i gCo. Luimnigh.⁴ Ar fhianaise na haiste a chum sé ag moladh Eanaigh (D2: 118, ÓF: 92), baile fearainn ar an taobh ó thuaidh de Bhaile an Teampaill, ní foláir nó thug sé tamall éigin chun staidéir ann. Agus más féidir iontaoibh a thabhairt lena chuid cainte sna haislingí, bhí sé tráth i gceantar na Blarnan (12: 1), agus tráth eile cois na Siúire (21: 1). Agus deir sé in ‘A Chara mo Chléibh’ go dtugadh an spailpíneacht chomh fada ó bhaile leis an nGaillimh é (8: 7).

Ní foláir nó thugadh sé turasanna abhaile ó am go chéile leis. Is cosúil, mar shampla, gur tar éis fillleadh abhaile dó is ea a chum sé ‘An tÁrrachtach Sean’, an aiste inar labhair sé i bpáirt na bhfear gan pósadh san iomarbhá fileata idir na seandaoine agus na fir gan pósadh ina cheantar dúchais féin (5). Tá cóip den aiste sin chomh luath leis an mbliain 1770, i lámhscríbhinn a scríobh Conchúr Ó Coileáin i gCeann Toirc (RIA 23 I 39: 73). Tá véarsaí Béarla de chuid an fhile ar marthain á iarraidh ar shagart paróiste Chnoc na Graí a fhógairt ón altóir go raibh sé chun scoil a oscailt ag Crosaire Chnoc na Graí, beagán mílte ó na Mínteoga. Sid iad cuid de na hábhair léinn atá luaite sna véarsaí sin:

4 D2: 189; ÓF: 143; Ó Fiannachta (1978: 71). An t-aon mhairbhne ar Eoghan Rua atá tagtha slán, dob é Ó Gríofa a chum í (D2: 157, ÓF: 26).

Reverend Sir,
 Please to publish from the altar of your holy Mass
 that I will open school at Knocknagree Cross
 where the tender babes will be well off
 for it's there I'll teach them their criss-cross ...

for it's there I will teach them how to read and write;
 the Catechism I will explain
 to each young nymph and noble swain ...

with bookkeeping and mensuration,
 Euclid's elements and navigation
 with trigonometry and sound gauging
 and English grammar with rhyme and reason ...

bills, bonds and informations,
 summons, warrants, supersedes,
 judgment tickets good,
 leases' receipts in full,
 and releases, short accounts. (D1: xxii)⁵

Osclaíodh an scoil, i ndeireadh a shaoil, de réir an tseanchais, ach níor mhair sí ach ar feadh achair ghearr (D1: xxi–xxii).

Labhrann an file féin, ar uairibh, ar a chuid oibre mar spailpín. Bhíodh aithreachas air nár chuaigh sé le ceird as a óige:

Mo chreach is mo léan nár ceangladh mé
 go gasta le ceird as m'óige
 go mbeadh agam réim ón gcathair go chéile
 ag caitheamh mo ré le sóchas. (D2: 177)

Ach b'í an sclábhaíocht, adeir sé, a bhí i ndán dó go deireadh a shaoil:

Ós dearbh gur réiteach, grafadh agus déanamh
 branair go héag mo ghnósa. (ibid., 178)

5 Níl na véarsaí seo feicthe agam ach in dhá LS, CM 7: 143 (1827) agus LN G498: 279 (1868). I nDúiche Ealla, i gCo. Chorcaí, ar theorainn cheantar an fhile féin a scríobhadh CM 7 (Ó Macháin 1991: 23). Dhearbhaigh an Duinníneach go raibh véarsaí Gaeilge ar an ábhar seo ag an bhfile chomh maith ach nárbh eol dó ach an chéad líne, 'aithris don phobul gur shroicheas tar tuinn chúca' (1901: xxi). Bhí Eoghan Rua tar éis filleadh, b'fhéidir, ag an am sin ó bheith ag saighdiúireacht sa chabhlach.